



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2016

Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála

Ceimic

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar sampláí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntíú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoirí i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoirí Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoirí an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítar dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon ionlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrashta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoirí bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain gan rabhadh.

Réamhrá

Agus an scéim mharcála á meas, is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh.

1. In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásai ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.
2. Nil na tuairisci, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.
3. Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar agus d'fhéadfadh sin, mar sin, athrú ó bhliain go bliain maidir le cás ar bith.
4. Is léiriú an cló trom ar na pointí atá riachtanach i bhfreagra an iarrthóra. Cuirtear soladas dúbailte (//) idir pointí a dtugtar marcanna ar leith dóibh i gcuid den cheist. Is focail, leaganacha nó ráitis atá ina malairtí ar a chéile iad sin a bhfuil soladas, /, eatarthu agus tá an glacadh céanna leo araon maidir le pointe ar leith. Is malairt focal nó nath faoi chló trom arna lua idir lúibíní a bhfuil an glacadh céanna leis agus atá leis an bhfocal nó an nath a théann roimhe. Tabhair ar aird, ar a shon sin, nach mór focail, leaganacha cainte nó frásáí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil úsáid mhícheart á baint as téarmaíocht nō go bhfuiltear á bréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh. D'fhéadfaí cealú a dhéanamh nuair a thugann iarrthóir liosta de fhreagraí cearta agus míchearta.
5. Tá an glacadh céanna, go ginearálta, le hainm nō le foirmle maidir le dúil nō le comhdhúil ach amháin sa chás go n-iarrtar go sonrach an t-ainm nō an fhoirmle sa cheist a chuirtear. Ina ainneoin sin, i roinnt cásanna inarb é an t-ainm a iarrtar, is féidir glacadh leis an bhfoirmle mar mhalaire air sin.
6. Caillfear marc amháin i leith gach botúin uimhríochta i ríomh an iarrthóra. Baineann an laghdú sin le luachanna míchearta M_r sa chás go dtaispeánann an t-iarrthóir suimiú na maiseanna adamhacha cearta go léir agus gur léir gur earráid suimithe í an earráid. Mura dtaispeántar suimiú na maiseanna adamhacha, caillfidh an t-iarrthóir 3 mharc as M_r mícheart.
7. Tabharfar marcanna bónais ag ráta 10% de na marcanna a ghnóthaítear d'iarrthóir a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos lú ná 75% de na marcanna ionmlána. Agus an bónas atá le tabhairt á ríomh slánaítear deachúlacha síos, ní suas, i gcónaí, e.g. athraíonn 4.5 go 4; athraíonn 4.9 go 4, etc. Baineann an tábla bónais a thugtar ar an gcéad leathanach eile le iarrthóirí a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos mó ná 75% de na marcanna ionmlána.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

400@10%

Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

Tábla 400 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ghnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
301 - 303	29
304 - 306	28
307 - 310	27
311 - 313	26
314 - 316	25
317 - 320	24
321 - 323	23
324 - 326	22
327 - 330	21
331 - 333	20
334 - 336	19
337 - 340	18
341 - 343	17
344 - 346	16
347 - 350	15

Bunmharc	Marc Bónais
351 - 353	14
354 - 356	13
357 - 360	12
361 - 363	11
364 - 366	10
367 - 370	9
371 - 373	8
374 - 376	7
377 - 380	6
381 - 383	5
384 - 386	4
387 - 390	3
391 - 393	2
394 - 396	1
397 - 400	0

Ní mórtar d'iarrthóirí ocht gceist san iomlán a fhreagairt.

Ní mórtar dhá cheist ar a laghad a fhreagairt as Roinn A.

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc (50).

CEIST 1

- (a) TOMHAS: bain úsáid as **pípéad (buiréad)** 25 cm^3 //
 a **rinseáladh** roimhe seo le **huisce dí-ianaithe (driogtha, íon)** //
 agus a **rinseáladh** roimhe seo le **fínéagar (tuaslagán a bheidh ann, sampla)** //
pípéad: léigh ag leibhéal na súl / léigh bun an mheiniscis / bun an mheiniscis ar an
 marc / tabhair am don draenáil / fág an braon deireanach (ná croith amach é, ná séid
 amach é) / draenáil faoi dhomhantarraingt / cuir (tabhair buille beag, tapáil) an
 pípéad i gcoinne bhalla an fhleascáin
buiréad: léigh ag leibhéal na súl / scaird (an chomhpháirt faoin sconna) lán /
 ceartingearach / léigh bun an mheiniscis

TRÍ CINN AR BITH: (3×3)

- CAOLAIGH: aistrigh chuig **fleascán toirtmhéadrach** 250 cm^3 //
 a **rinseáladh** roimhe seo le **huisce dí-ianaithe (driogtha, íon)** //
 líon le huisce dí-ianaithe go dtí go mbaineann **bun an mheiniscis an marc amach** //
 cuir stopallán ar an bhleascán agus **iompaigh é roinnt uaireanta** / cuir stopallán ar an
 bhleascán agus **measc na hábhair go críochnúil**

DHÁ CHEANN AR BITH: (2×3)

[Bhronn marcanna as tagairt do ‘bhun an mheiniscis’ uair amháin in (a).]

- (b) AINMNIGH: **feanoltailéin** (3)

- CAD: ó **bhándearg (corcra)** (3)
 go dtí **éadathach** (3)
 [Ní ghlactar le hathanna aisiompaithe.] [Ní ghlactar le ‘geal’ le haghaidh ‘éadathach’.]

- (c) RÍOMH: (i) **$0.0015 (1.5 \times 10^{-3}) \text{ mól}$** (6)

$M = \frac{1.20 \times 2}{40^*} = 0.06^{**} \text{ M}$ (3)	$\frac{1.20}{20} = 0.06 \text{ g in } 25 \text{ cm}^3$ (3)	$\frac{1.20}{40^*} = 0.03 \text{ mól}/500 \text{ cm}^3$ (3)
$\frac{25 \times 0.06}{1000} = 0.0015 \text{ mól}/25 \text{ cm}^3$ (3)	$\frac{0.06}{40^*} = 0.0015 \text{ mól}/25 \text{ cm}^3$ (3)	$\frac{0.03}{20} = 0.0015 \text{ mól}/25 \text{ cm}^3$ (3)

[* Ní mór suimiú a léiriú go nglacfai leis gur sciorradh is cúis le hearráid.]

- (ii) **$0.00008 (8 \times 10^{-5}) \text{ mól in aghaidh an cm}^3$** (6)

$0.0015 \text{ mól CH}_3\text{COOH}$ (3)	$\frac{18.75 \times M}{1} = \frac{25 \times 0.06}{1} / \frac{18.75 \times M}{1} = \frac{25 \times \text{Molaracht}^{**}}{1}$
$0.0015 \div 18.75 =$ $0.00008 (8 \times 10^{-5}) \text{ mól in aghaidh an cm}^3$ (3)	$M = 0.08^{***} \text{ M}$ (3)
	$\frac{0.08}{1000} = 0.00008 (8 \times 10^{-5}) \text{ mól in aghaidh an cm}^3$ (3)

- (d) FAIGH: (i) **0.8 M** (3)

$0.00008 \times 1000 \times 10 = 0.8 \text{ mól/L}$ (3)	/ $0.08 \text{ (Molaracht}^{***}) \times 10 = 0.8 \text{ mól/L}$ (3)
---	--

- (ii) **$4.8 \% \text{ (m/t)}$** (6)

$0.8 \times 60^* = 48 \text{ g/L}$ (3)	$0.8 \div 10 = 0.08 \text{ mól}/100 \text{ cm}^3$ (3)
$\frac{48}{10} = 4.8 \text{ g}/100 \text{ cm}^3 = 4.8 \% \text{ (m/t)}$ (3)	$0.08 \times 60^* = 4.8 \text{ g}/100 \text{ cm}^3 = 4.8 \% \text{ (m/t)}$ (3)

[* Ní mór suimiú a léiriú go nglacfai leis gur sciorradh is cúis le hearráid]

- (e) CÉN: carbónait sóidiam ainhidiúil toirtmheasctha **le haigéad láidir {aigéad hidreaclórach (HCl), aigéad sulfarach (H₂SO₄), aigéad nítreach (HNO₃)}** //
 aigéad toirtmheasctha le tuaslagán **de hidrocsaíd sóidiam (NaOH)** (3 + 2)
 [Bhronn (3) as toirtmheascadh ceart in ord aisiompaithe.]

CEIST 2

(a) DÉAN CUR SÍOS:

tuaslagán (uisce) **bróimín (Br_2) / manganáit(VII) {sármhangnáit}** photaisiam aigéadaithe / (KMnO_4/H^+) / ($\text{MnO}_4^-/\text{H}^+$) (3)

dídhathaíonn sé (athraíonn sé go héadathach, imíonn an dath as radharc) // má tá sé neamhsháithithe

nó

gan aon athrú ar an dath //

má tá sé síithithe (2 × 3)

[Ní ghlactar le ‘geal’ le haghaidh ‘éadathach’.]

(b) (i) DÉADUCHTAIGH: *D*: eatánal/ CH_3CHO (3)

DÉAN CUR SÍOS: cuir tuaslagán (imoibrí) **Fehling (Benedict)** leis / cuir **níotráit airgid amóiniach** (imoibrí **Tollen**) leis //


téigh go réidh //

imoibríonn tuaslagán **gorm (Cu^{2+})** (athraíonn sé, diocsaídítear é) / imoibríonn **ocsáid airgid(I) éadathach (Ag(I) , Ag_2O , Ag^+)** (athraíonn sé, diocsaídítear é) //

ag tabhairt deascán brícdhearg / ag tabhairt scáthánú **airgid** (miotal)

[Níl na marcanna ar fáil don CHUR SÍOS ach amháin má bronnadh marcanna as DÉADUCHTAIGH.]

[Ní mór don imoibrí agus do na breathnuithe meaitseáil.]



(ii) SAINAITHIN: *C*: eoigeanol //
E: aigéad eatánóch (CH_3COOH) /

CAD: **dhá shraith / craith orgánach (cioglaiheacsán) agus craith uisceí** (3)
[Tá marcanna ar fáil as léaráid.]

(iii) SCRÍOBH: $2\text{CH}_3\text{COOH} + \text{Mg} \rightarrow (\text{CH}_3\text{COO})_2\text{Mg} + \text{H}_2$

FOIRMLÍ: (3) COTHROMÚ: (3)

(c) (i) DÉAN CUR SÍOS: **sampla (criostail) i bhfeadán** ribeach i **mbloc (gaireas) leáphointe** (i bhfeadán Thiele) taispeánta ar an léaráid / **sampla (criostail) ar bhloc alúmanam (leá)** taispeánta ar an léaráid // **téigh** go mall ag coinneáil súil ar na criostail / **foinse teasa taispeánta nó lipéadaithe ar an léaráid** // **taifead (breac síos) an raon teochta ag a dtarlaíonn leá / taifead (breac síos) teocht an leáphointe**

(3 × 3)

[Níl ‘taifead an pointe teochta’ go leor fiú má luaitear teirmiméadar nó taispeántar teirmiméadar.]

[Uasmhéid (6) sa chás nach bhfuil léaráid ná lipéid leis.]

(ii) CÉ ACU: **G / F is lú íon** (3)


(iii) AINMNIGH: **athchriostalú** (2)

CEIST 3

(a) TARRAING:

an dá imoibreán san fhleascán (soitheach imoibriúcháin), e.g. A, B nó C thíos, agus imoibreán amháin lipéadaithe le hainm nó foirmle [ní ghlahtar le sárocsáid hidrigine a chur leis ón mbraontonnadóir] //

fleascán ceangailte le comhéadan grádaithe, e.g. X nó Y thíos, chun ocsaigin a bhaillíú / [grádúcháin marcálte nó an comhéadan grádaithe i gcomhair bailithe lipéadaithe] (4 + 4)



(b) BREAC:

an dá ais lipéadaithe i gceart (V / toirt / cm^3 / ocsaigin / O_2 / am / t / nóiméid / nóim) (3)

scálaí uimhriúla oiriúnacha, cearta ar an dá ais (3)

breacadh cúramach chun cuar réidh a thabhairt leis an gcruth ceart tríd an mbunphointe le haghaidh rith A //

breacadh cúramach chun cuar réidh a thabhairt leis an gcruth ceart tríd an mbunphointe le haghaidh rith B

(6 + 3)


an toirt chéanna ocsaigine á tháirgeadh ag rith A agus rith B (3)

[Am in aghaidh toirte inghlactha.]

[Dealaítear (6) mharc mura bhfuil an graf ar ghráfpháipéar nó ar an tsraith chéanna aiseanna.]

[Asbhain (3) maidir le ceann amháin díobh seo a leanas: cor sa chuar mar gheall ar bhreacadh míchruinn ar cheann amháin nó níos mó de na pointí; ceanglaítear pointí le línte díreacha; ní théann an cuar tríd an mbonnphointe.


Cuir i bhfeidhm uair amháin maidir le gach cuar.]



Q3 (b) + (c)

MS 2016

UIMHIR SCRÚDUITHE
(Examination Number)



(c) RÍOMH: **8.2 – 9.5 cm³** ocsaigine in aghaidh an nóiméid (6)

dhá phointe ar bith ón tadhlaí tarraigthe ag 4 nóiméad ar chuar A
e.g. (6.0, 82) and (1.0, 39)

$$\frac{82-39}{6.0-1.0} = \frac{43}{5.0} = \mathbf{8.6 [8.2 - 9.5] cm^3}$$
 ocsaigine in aghaidh an nóiméid (6)

[Bain 1 mharc má tarraigtear tadhlaill i gceart ag 4 nóiméad ar chuar B.]

(d) CÉ ACU: (i) A // (ii) B (2 × 3)

CAD: **asú dromchla / ilchineálach** [Glac le ‘ionsú dromchla’] (3)

MOL: **achar dromchla níos mó (roinnte níos mine, méid cáithnín níos lú) / níos gníomhaí / is íne / tá achar dromchla níos lú ag B (níl sé roinnte chomh mion, méid cáithnín níos mó) / níl B chomh híon / níl B chomh gníomhach / B nimhithe** (3)
[MOL níl marcanna ar fáil ach amháin má bhronntar (6) ar CÉ ACU.]

(e) CAD: (i) **ocsáideoir/ imoibrí ocsáidithe / déanann ocsáidiú / cúisíonn sé do shubstaintí eile dó go héasca** (3)

[Ní ghlactar le ‘fadhbanna sláinte’ agus ‘dainséarach’ ach ní dhéantar cealú.]
[Ní ghlactar le ‘dónn’, ‘creimneach’ agus ‘inlasta’ agus déantar cealú.]

(ii) **díobhálach / greannach / greannaitheoir** (3)
[Glahtar le ‘fadhbanna sláinte’, ‘dainséarach’, ‘tocsaineach’, ‘nimhneach’].
[Ceadaítear ‘creimneach’.]

CEIST 4

Ocht mír a fhreagairt. Tugtar sé mharc do gach mír agus cuirtear marc amháin breise le gach ceann den chéad dá mhír a bhfaightear na marcanna is airde ina leith.

- (a) CÉN: (i) 27 // (ii) 59 (2 × 3)
- (b) DÉAN CUR SÍOS: leictreoin (cáithní diúltacha, luchtanna diúltacha, -'anna) i // sféar (meall, mais, ábhar, damhna) dearfach (+) (2 × 3)
[Is féidir marcanna a ghnóthú ó léaráid shoiléir ar a mbeidh na luchtanna cearta curtha in iúl.]
- (c) MÍNIGH: tá nítrigin measartha cobhsáí //
tá foleibhéal (fosceall) 2p (seachtrach) leathlíonta aige /
tá trí fhithiseán 2p (seachtrach) leathlíonta aige
[Cedaítear 2p do chumraíocht na leictreon ach ní mór na pointí eile i gcló trom, e.g. 'leathlíonta' a shonrú.]
nó
tá ocsaigin measartha éagobhsáí (níl sé chomh cobhsáí) //
níl foleibhéal (fosceall) 2p (seachtrach) leathlíonta aige / níl
trí fhithiseán 2p (seachtrach) leathlíonta aige / níl aige ach fithiseáin 2p seachtrach
iomlán amháin /
tugann cailteanas leictreoin foleibhéal (fosceall) 2p (seachtrach) leathlíonta /
tugann cailteanas leictreoin trí fhithiseán 2p (seachtrach) leathlíonta (2 × 3)
[Cedaítear 2p do chumraíocht na leictreon ach ní mór na pointí eile i gcló trom, e.g. 'leathlíonta' a shonrú.]
- (d) IDIRDHEALAIGH: déantar nasc sigme (σ) le forluí ceann le ceann de fhithiseáin adamhacha //
déantar nasc pí (π) le taobh-fhorluí de fhithiseán adamhach
[Ní gá fithiseáin a lua faoi dhó.] [Cedaítear 'imbhualadh' fithiseán.]
nó
nasc sigme (σ) siméadrach i leith rothlú thart ar ais an naisc //
nasc pí (π) neamhshiméadrach i leith rothlú thart ar ais an naisc
nó
ceadaítear le nasc sigme (σ) rothlú thart ar ais an naisc //
ní cheadaítear le nasc pí (π) rothlú thart ar ais an naisc
nó
tá réigiún forluí amháin ag nasc sigme (σ) //
tá dhá réigiún forluí ag nasc pí (π)
nó
i nasc comhfhiúsach iolrach (dúbailte, triarach) //
is é an nasc sigme (σ) an nasc is láidre / déantar an nasc sigme (σ) ar dtús / tá an nasc pí (π) níos laige / ní dhéantar nasc pí (π) ach amháin tar éis nasc sigme (σ) a bheith déanta cheana féin (2 × 3)
[Is féidir marcanna a ghnóthú ó léaráidí soiléire ar a mbeidh na fithiseáin lipéadaithe más ann dóibh.]
- (e) SCRÍOBH: (i) H_3PO_4 // (ii) HPO_4^{2-} (2 × 3)

- (f) CAD: tá cóimheas slánuimhreacha simplí (beag) de **thoirteanna** imoibreán agus táirgí //
ar na dálai céanna (seasmhach) teochta agus brú (2 × 3)
[Ní ghlahtar le ‘méid’ le haghaidh ‘toirt’.]
[Ní ghlahtar le ‘na dálai uile teochta agus brú’ agus ‘ag teocht agus brú caighdeánach’.]
- (g) CÉ MHÉAD: **0.0125 / 0.013** mól (6)
- | | |
|---|-----|
| $Mr = 132^*$ | (3) |
| $\frac{1.65}{132} = 0.0125 / 0.013$ mól | (3) |
- [*Ní mór suimiú a léiriú go nglacfaí leis gur sciorradh is cúis le hearráid]
- (h) CONAS: cuir tuaslagán de **chlóiríd bhairiam** leis {níotráit bhairiam, BaCl₂, Ba(NO₃)₂} / cuir tuaslagán **d'iain bhairiam (Ba²⁺)** leis //
tuaslagann (imíonn as radharc, glanann) deascán bán i (nuair a chuirtear le)
dtuaslagán caol aigéad hidreaclórach (HCl) (2 × 3)
- (i) CAD: **fuinneamh** comhcheangailte **íosta** ag cáithní (móilíni, adaimh, iain) in imbhualite //
ionas go dtarlóidh imoibriú eatarthu
nó
fuinneamh comhcheangailte **íosta** ag cáithní (móilíni, adaimh, iain) //
ionas go mbeidh imbhualtí éifeachtach (2 × 3)
[Is gá imbhualtí a lua ach díreach uair amháin.]
- (j) TABHAIR: **ionsunn móilíni (comhdhúile, substaintí, naisc, grúpaí d'adamh, feidhmghrúpai)**
radaíocht infridhearg //
de mhinicíochtaí (tonnfhaid, fuinnimh) éagsúla (saintréithe, áirithe) (2 × 3)
- (k) A DÉAN
CUR SÍOS: **sciúradh (imoibriú) //**
le haolchloch (carbónait chailciam, CaCO₃, CaO, comhdhúile hidrocsaíde, aimní, seoilití, etc) (2 × 3)
[Glahtar le cothromóidí, e.g. CaO + SO₂ → CaSO₃ (6) nó CaCO₃ + SO₂ → CaSO₃ + CO₂ (6)]
- BAINMNIGH: **x-ghatha //**
criostalaghrafaíocht (2 × 3)

CEIST 5

(a) (i) IDIRDHEALÁIGH:

bunstaid: **n = 1** / an leibhéal **fuinnimh is íse (an chéad leibhéal fuinnimh, an leibhéal fuinnimh is congaráí don núicléas)** / **1s / íosmhéid fuinnimh / staid cobhsáí //**

staideanna **n > 1 / n = 2, 3, etc / n = 2, etc / 2s, 2p, 3s, etc / n = 2 agus níos airde / fuinnimh (leibhéal fuinnimh) seachas n = 1 / fuinnimh níos airde / leibhéal fuinnimh níos airde (éagobhsáí)**

(2 × 3)

[Cedaítear ‘aon (roinnt) leibhéal fuinnimh níos airde’ ach ní ceadaítear ‘an leibhéal fuinnimh níos airde’.]

[Cedaítear léaráid le trí chiorcal chomhlárnacha thart ar núicléas, leis an lipéad bunstaid ar an gciorcal is faide isteach ar (6).]

(ii) CONAS: cuir teas {**fuinneamh, leictreachas, solas, radaíocht leictreamaighnéadach**} leis (3)

(iii) MÍNIGH: [Ní mór faisnéis a thabhairt i bhfocail.]

titeann leictreon floscha ar ais ó n = 3, 4, etc / titeann leictreon floscha ar ais ó n = 3, etc / titeann leictreon floscha ar ais ó n > 2 ($E_{n>2}$) / titeann leictreon floscha ó leibhéal fuinnimh níos airde //

chuig an dara sceall (leibhéal fuinnimh) / go n = 2 / go E_2 //

astaítear an fuinneamh a chailtear **mar sholas {radaíocht (fuinneamh) leictreamaighnéadach} de mhinicíochtaí éagsúla (dathanna, tonnfhaid) / astaítear** an fuinneamh a chailtear **mar hf(hv, fótón(óin)) éagsúla (scoite) / comhfhereagraíonn trasdulta leictreoin éagsúla do línte (dathanna, minicíochtaí) éagsúla**

(3 × 3)

[Cedaítear dhá shampla *chearta* d’athruithe fuinnimh leictreoin shraith Balmer, e.g. $E_3 - E_2$ agus $E_6 - E_2$, maidir leis an gcéad dá phointe.]

CAD: **sraith Balmer**

(3)

(iv) MÍNIGH:

gan trasdul leictreoin (caillteannas fuinnimh) comhfhereagrach / gan staid floscha chomhfhereagrach / ní féidir le leictreon (a bheith) idir leibhéal fuinnimh / ní féidir le leictreon (a bheith) idir n = 3 agus n = 4 / ní féidir le trasdul leictreoin teacht (críochnú) idir leibhéal fuinnimh / ní féidir le trasdul leictreoin teacht idir n = 3 agus n = 4 / ní féidir le trasdul leictreoin críochnú idir n = 3 agus n = 2 / $E_n - E_2 \neq hf(hv)$ le haghaidh buí / níl aon réiteach slánuimhreach (nádúrtha, slánuimhir) le haghaidh n in $E_n - E_2 = hf(hv)$ le haghaidh buí

(3)

(b) DÉAN CUR SÍOS:

(3 × 3)

Modh 1	Modh 2	Modh 3	
glan sreang* (slat, tóireadóir) platanaim (niocróim) in aigéad hidreaclórach (HCl) tiubhaithe	cuir adhmad (cleithín, slat) ar bogadh thar oíche in uisce / úsáid adhmad (cleithín, slat) tais (fliuch)	ullmhaigh tuaslagán den salann atá i gceist in uisce agus eatánól (própánól)	(3)
tum an slat sa salann agus coinnigh an salann sa chuid the (gorm) den lasair ón dóire Bunsen	tum an cleithín (slat) sa salann agus coinnigh an salann sa chuid the (gorm) den lasair ón dóire Bunsen	spraeáil an tuaslagán anuas (isteach sa) ar an gcuid the (gorm) den lasair ón dóire Bunsen	(3)
dath dearg (corcairdhearg) is tástáil dheimhneach é sin le haghaidh litiam	dath dearg (corcairdhearg) is tástáil dheimhneach é sin le haghaidh litiam	dath dearg (corcairdhearg) is tástáil dheimhneach é sin le haghaidh litiam	(3)

*[Cedaítear ‘lúb ionaclaithe’, nó ‘spadal’ le haghaidh ‘sreang platanaim’.]
[Glactar le léaráid lipéadaithe shoiléir le haghaidh roinnt pointí nó iad go léir.]

(c) SAINMHÍNIGH:

spás (toirt, réigiún) timpeall ar núicléas adaimh //
 áit is dóchúla go dtiocfaí ar leictreon / áit ina bhfuil dóchúlacht (féidearthacht)
 measartha ard ann go bhfaighfear leictreon ann
 [Ní ghlactar leis an ‘achar’ timpeall ar núicléas.]

nó

neasréiteach //
 ar tonn-chothromóid Schrödinger

(2 × 3)

IDIRDHEALÁIGH: cuimsítear i bhfoleibhéal 2p (comhdhéanta de) trí fhithiseán 2p
 d’fhuinneamh ar cóimhéis /
 glacann foleibhéal 2p (tá sé aige, ann) nach mó ná 6 leictreon ach i ngach ceann de na fithiseáin 2p tá {aige, ann} nach mó ná 2 de na leictreoin sin (3)

SCRÍOBH:

 $1s^2 2s^2 2p^6 3s^2 3p^6 4s^2$

(4)

[Cedaítear foscripteanna in ionad forscripteanna.]

[Glactar le saigheada mar léiriú ar líon na leictreon ach ní mór siombailí na bhfoleibhéal a thabhairt.]

MÍNIGH:

foleibhéal 4s níos íse ó thaobh fuinnimh de ná an 3d / líonann na leictreoin an foleibhéal 4s roimh an 3d

(4)

CEIST 6

(a) AINMNIGH: codánúchán / driogadh codánach

(5)

SAINAITHIN: pointe (teocht) fiuchadh (comhdhlúthú)

(6)

(b) TABHAIR: (i) breosla eitlíochta (eitleán, scairdeitleán) / ola téimh sa bhaile (cócaireacht, solas)

(3)

(ii) díonlach / déanamh bóithre / uiscedhíonadh

(3)

(c) AINMNIGH: isiméiriú

(3)

AINMNIGH: díhidrichioglú / athfhoirmiú

(3)

MÍNIGH: feabhsaíonn (ardaíonn) rátáil ochtái (uimhir) / laghdaíonn sé claonadh breosla cnagadh a chúisiú / trí mhóilíní (comhdhúile, hidreacarbón) a dhéanamh atá brainseach (ciorclach, slabhra níos giorra)

(3)

RÍOMH: 237.6 kJ

(9)



nó

	$\Delta H_{\text{imoibriú}} = \Sigma \Delta H_f(\text{táirgí}) - \Sigma \Delta H_f(\text{imoibreáin})$	
	$\Delta H_{\text{imoibriú}} = -12.5 \text{ (3)} - [-250.1] \text{ (3)}$	
nó	$\Delta H_{\text{imoibriú}} = -12.5 \text{ (3)} + 250.1 \text{ (3)}$	
	$= 237.6 \text{ kJ mol}^{-1}$	(3)




(d) DÉADUCHTAIGH:

C₇H₁₄

(6)

[Glac leis an struchtúr.]

(e) TARRAING:

(i) ochtán	(ii) 2,2,4-trímheitilpeantán	(iii) eitilbeinséin
		

(3 × 3)

[Glac le struchtúir chomhdhlúite, e.g. CH₃(CH₂)₆CH₃, (CH₃)₃CCH₂CH(CH₃)₂, C₆H₅C₂H₅.]

[Ceadaitear Hanna a fhágáil ar lár i struchtúir atá forbartha go hiomlán níos píosaí struchtúr atá forbartha go hiomlán.]

CEIST 7

- (a) LUAIGH: córais i (ag) (g)cothromáiocht //
imoibríonn siad chun cur in aghaidh (íoslaghdú, maolú a dhéanamh ar) strus(anna)
{cur isteach} feidhmeach (3 + 2)
[In ionad ‘strus(anna) {cur isteach}’ glac le ‘hathrú ar theocht, brú nó líon na mól (tiúchan)’ má thugtar na trí cinn go léir {teocht, brú agus mól (tiúchan)}.]
- RÉAMHINIS: (i) teocht íseal //
[Cedaítear ‘laghdú i dteocht’.]
MÍNIGH: fábhraíonn sé (dá thoradh, tháirgfí níos mó) imoibriú eisiteirmeach (a tháirgeann teas) /
fábhraíonn sé (dá thoradh, tháirgfí níos mó) le ardteocht
imoibriú inteirmeach (a shúnn teas) / fábhraíonn sé an tul-imoibriú rud atá eisiteirmeach / ní fhábhraíonn sé an cún-imoibriú atá inteirmeach (2 × 3)
- RÉAMHINIS: (ii) ardbhrú //
[Cedaítear ‘ardú sa bhrú’.]
MÍNIGH: fábhraíonn (dá bharr, táirgtear) níos lú mól (móilíní) / fábhraíonn toirt níos lú / bheadh ísealbhrú i bhfabhar (dá thoradh, tháirgfí) tuilleadh mól (móilíní) / i bhfabhar toirt níos mó / i bhfabhar níos lú mól (móilíní) ar dheis / i bhfabhar toirt níos lú ar dheis / níl sé i bhfabhar tuilleadh mól (móilíní) ar chlé / níl sé i bhfabhar toirt níos mó ar chlé / (2 × 3)
[Níl marcanna do MHÍNIGH ar fáil ach amháin má bhronntar marcanna as RÉAMHINSINT.]
- MÍNIGH: (ráta) imoibrithe rómhall (**míthíosach, costasach**) ag teocht íseal (3)
- (b) LUAIGH: gan aon tionchar / dada (3)
MÍNIGH: i láthair catalaioch déantar trí-ocsaíd sulfair (SO_3) arna tháirgeadh agus ídithe ag an ráta céanna /
athraíonn an catalaioch ráta (cuireann sé luas faoi) na n-imoibrithe tosaigh agus cíul an méad cheanna (3)
[Marcanna do MHÍNIGH ceangailte le marcanna as LUAIGH.] [Ní leor ‘Cothromóid sroichte níos gasta’ as féin.]

$$(c) \text{ SCRÍOBH: } K_c = \frac{[\text{SO}_3]^2}{[\text{SO}_2]^2[\text{O}_2]} \quad (6)$$

RÍOMH: **196000 / 1.96 × 10⁵** (18)

I dtosach: móil SO₂ = $\frac{96}{64^*} = 3/2$ (**1.5**) agus móil O₂ = $\frac{24}{32^*} = 3/4$ (**0.75**) (3)

Ag cothromaíocht: móil SO₃ = $\frac{112}{80^*} = 7/5$ (**1.4**) (3)

2SO ₂ + O ₂ ⇌ 2SO ₃
Coth móil: 0.1 (3) 0.05 (3) 1.4
Coth M: 0.002 0.001 0.028 <i>Roinn ar 50.</i> (3)

2SO ₂ + O ₂ ⇌ 2SO ₃
Tús M: 0.03 0.015 Coth M 0.028 <i>Roinn ar 50.</i> (3)
Coth M: 0.002 (3) 0.001 (3) 0.028

$$K_c = \frac{(0.028)^2}{(0.002)^2(0.001)} = \mathbf{196000 / 1.96 \times 10^5} \quad (3)$$

[* Ní mórtar suimiú a léiriú go nglacfaí leis gur sciorradh is cúis le hearráid.]

[I gcás ina bhfuil K_c mícheart, e.g. aisiompaithe, ceadaítear marcanna iarmhartacha as ríomh-suas le huasmhéid 15 mharc.]

2SO ₂ + O ₂ ⇌ 2SO ₃				
Tosaigh (móil):	$\frac{96}{64^*} = 3/2$ (1.5)	$\frac{24}{32^{**}} = 3/4$ (0.75)		(3)
Coth. (móil):			$\frac{112}{80^{***}} = 7/5$ (1.4)	(3)
Coth (móil):	$(1.5 - 2x)$	$(0.75 - x)$	$2x = 1.4$	$x = 0.7$
Coth. (móil):	0.1	0.05	1.4	(2×3)
Coth (mol/L):	$0.1 \div 50 =$ 0.002	$0.05 \div 50 =$ 0.001	$1.4 \div 50 =$ 0.028	Roinn ar 50. (3)

$$K_c = \frac{(0.028)^2}{(0.002)^2(0.001)} = \mathbf{196000 / 1.96 \times 10^5} \quad (3)$$

2SO ₂ + O ₂ ⇌ 2SO ₃				
Tosaigh (móil):	$\frac{96}{64^*} = \frac{3}{2}$ / 1.5	$\frac{24}{32^{**}} = \frac{3}{4}$ / 0.75		(3)
Coth. (móil):			$\frac{112}{80^{***}} = \frac{7}{5}$ / = 1.4	(3)
Tosach (mol/L):	$1.5 \div 50 =$ 0.03	$0.75 \div 50 =$ 0.015	0	Roinn ar 50. (3)
Coth (móil/L):	$(0.03 - 2x)$	$(0.015 - x)$	$2x = 0.028$	$x =$ 0.014
Coth (mol/L):	0.002	0.001	0.028	(2×3)

$$K_c = \frac{(0.028)^2}{(0.002)^2(0.001)} = \mathbf{196000 / 1.96 \times 10^5} \quad (3)$$

CEIST 8

- (a) AINMNIGH: **A = eatánól / alcól eitile // B = poil(eitéin) / poileitén / polaitéin/ poileitileín** (2 × 3)
- (b) SAINAITHIN: **ocsáid alúmanaim / alúmana / Al₂O₃ / aigéad sulfarach tiubhaithe / H₂SO₄** (3)
CAD: **díbirt / díhiodráitiú** (3)
CONAS: **teitrihéidreach go plánach** (3)
- (c) CAD: **ionadaíocht** (3)

DÉAN:
CUR SÍOS

Sa chás go dtagraíonn iarrthóir in ainm nó i líniocht do meatán in ionad eatán agus/nó do meitil in ionad eitil agus/nó do eatán in ionad bútán, bain 3 mharc ach ná déan amhlaidh ach uair amháin in (c).

Sa chás go dtugtar ian ar fhréamh nó go dtaispeántar fréamh i léaráid cé go dtograítear d'ian sa chur síos, is féidir cealú a dhéanamh gach uair.

MÍNIGH:

tionscnamh:

homalú (scoilteadh, eamhnú) móilín clóirín (Cl₂) isteach i saorfhréamhacha (adaimh, Cl[•], Cl) ag solas ultraivialait (uv)



forleathadh (1):

imoibríonn fréamh chlóríín (adamh, Cl[•], Cl) le móilín eatáin (C₂H₆) chun clóiríd hidrigine (HCl) agus fréamh eitile (C₂H₅[•]) a chruthú /
 $\text{Cl}^{\bullet} + \text{C}_2\text{H}_6 \rightarrow \text{HCl} + \text{C}_2\text{H}_5^{\bullet} / \text{Cl} + \text{C}_2\text{H}_6 \rightarrow \text{HCl} + \text{C}_2\text{H}_5^{\bullet}$ (3)

[Ní ghlactar le haigéad hidreaclórach le haghaidh HCl agus is féidir cealú a dhéanamh.]
[Sa chás go n-úsáidtear C₂H₅[•] in ionad C₂H₅[•], bain 3 mharc ach ná déan amhlaidh ach uair amháin in (c).]

forleathadh (2):

imoibríonn fréamh eitile (C₂H₅[•]) le móilín clóirín (Cl₂) chun monaclóireatán (C₂H₅Cl) agus fréamh chlóríín (adamh, Cl[•], Cl) a chruthú /
 $\text{C}_2\text{H}_5^{\bullet} + \text{Cl}_2 \rightarrow \text{C}_2\text{H}_5\text{Cl} + \text{Cl}^{\bullet} / \text{C}_2\text{H}_5^{\bullet} + \text{Cl}_2 \rightarrow \text{C}_2\text{H}_5\text{Cl} + \text{Cl}$ (3)

tarlaíonn imoibriú slabhrúil / athdhéantar na céimeanna forleata go dtí go bhfuil imoibreán amháin ídithe /

athdhéantar na céimeanna forleata go dtí go dtarlaíonn críochnú (3)
[Glac le ‘tarlaíonn imoibriú slabhrúil’ áit ar bith in (c).]

criochnú:

cuingir na bhfréamhacha atá fágtha chun móilíní (clóirín, clóireatán, bútán) a chruthú /
 $2\text{Cl}^{\bullet} \rightarrow \text{Cl}_2 / 2\text{Cl} \rightarrow \text{Cl}_2 /$
 $\text{Cl}^{\bullet} + \text{C}_2\text{H}_5^{\bullet} \rightarrow \text{C}_2\text{H}_5\text{Cl} / \text{Cl} + \text{C}_2\text{H}_5^{\bullet} \rightarrow \text{C}_2\text{H}_5\text{Cl} /$
 $2\text{C}_2\text{H}_5^{\bullet} \rightarrow \text{C}_4\text{H}_{10}$ (3)


méadaíonn (brostaíonn) luaidhe theitreitile an ráta imoibriúcháin trí sholáthar (táirgeadh, briseadh isteach i) saor fhréamhacha eitile /
méadaíonn tionscnaíonn (cuireann chun cinn) luaidhe theitreitile imoibriú trí sholáthar (táirgeadh, briseadh isteach i) saor fhréamhacha eitile / (3)
[Ní leor ‘tacadóir fréamhacha’ ina aonar.]

(d) AINMNIGH: **meiteánáit eitile/ formáit eitile**

(3)

TARRAING:

(6)



Tabhair faoi deara nach gá roinnt de na hidrigin agus carbóin nó iad go léir a thaispeáint go follaach; ní gá C_2H_5 a fhorbairt; ceadaítear -Et in ionad $-\text{C}_2\text{H}_5$; glactar le HCOOC_2H_5][Níl AINMNIGH agus TARRAING ceangailte.]

CIORCAL: **ní chuirtear ciorcal ach ar an ngrúpa carbóinile amháin**
[Ceadaítear carbóinil a shainaithint in **eistear** mícheart.]

(3)

CÉN: **bonn-hidrealú / gallúnú**

(2)

CEIST 9

- (a) (i) FAOI: **20 °C //**
sa dorchadas (2 × 3)
[Ceadaítear 19-21 °C.]
- (ii) TAR ÉIS: **cúig (5) lá** (3)
- (iii) SAINMHÍNIGH: **róshaibhriú uisce le cothaithigh (níotráití, fosfáit) / cothaithigh iomarcacha (níotráití, fosfáití)** in uisce (3)
- LUAIGH: **fás plandáí iomarcach (flúirseach, tiubh) / blás (fás) algach / laghdaítear tréadhearacht uisce / ídiú ocsaigine (hiopocsá) / marú éasc / nimhiú sliogéisc / dath (blas, boladh, luach aeistéitiúil, luach mar fhoinse den soláthar uisce le hól, luach le haghaidh gníomhaíochtaí áineasa)** an uisce **lagaithe, etc** (3)
- (iv) MOL: **rith chun srutha leasacháin / rith chun srutha sadhlais / rith chun srutha sciodair (fuíolluisce, umar seipreach) / sileadh ó mhianaigh / séarachas curtha leis / níotráití (fosfáití, glantaigh) curtha leis / truailliú tionscail (dramhaíl) / bainne (truailleán orgánach ainmnithe eile) curtha leis / báisteach aigéadach, etc** (3)
- (b) CÉN FÁTH: **tá luaidhe tocsaineach (díobhálach don tsláinte, nimhneach)** (3)
- AINMNIGH: **speictreascópacht ionsú adamhaigh (AAS) / mais-speictreascópacht / gás (ianach) crómatagrafaíocht (GC) / fluaraiseacht x-ghatha (díraonachán, ionsú) / dathmhéadracht / speictreascópacht infridhearg (ultraivialait, sofheicthe, IR, UV, nmr) / imdhíon-mheasúnacht, etc** (6)
- CONAS: **deascadh (malartú iain, imoibriú díláithrithe) / driogadh / cíulosmóis / aigéad hidreaclórach (HCl, aol, hidrocsaíd chailciám, CaCO₃) curtha leis / clóiríd (sulfáit, suifid, fosfáit, hidrocsaíd, carbónait, Cl⁻, SO₄²⁻, S²⁻, PO₄³⁻, OH⁻, CO₃²⁻, etc) intuaslagtha curtha leis / gualach gníomhachtaithe / giolcarnach, etc** (3)
- (c) CONAS: **tá báisteach (uisce báistí) aigéadach de bharr dé-ocsáid charbóin (CO₂) tuaslagtha / aigéad carbónach (H₂CO₃) i mbáisteach (uisce báistí) / H₂O + CO₂ → H₂CO₃ // imoibríonn báisteach (uisce báistí) le haolchloch chun cailciám hidrigin carbonáit {iain chailciám, Ca²⁺, Ca(HCO₃)₂} intuaslagtha (tuaslagtha) a dhéanamh** (2 × 3)
- nó
- CaCO₃ + H₂O + CO₂ → Ca(HCO₃)₂ / H₂CO₃ + CaCO₃ → Ca(HCO₃)₂** (6)
- (i) SCRÍOBH: **Ca(HCO₃)₂ → CaCO₃ + H₂O + CO₂ / Ca(HCO₃)₂ → CaCO₃ + H₂CO₃**
FOIRMLÍ: (3) COTHROMÚ: (3)
- (ii) MÍNIGH: **déanann dhá ian hidrigine (2H⁺) ón roisín malartaithe caitian (RH) ionadú ar Ca²⁺ (caitian, iain dheimhneacha) san uisce / 2RH + Ca²⁺ → R₂Ca + 2H⁺ // déanann ian hidrocsaíde (hidrocsail) (OH⁻) ón roisín malartaithe ainiain (R*OH) ionadú ar HCO₃⁻ (ainiain, iain dhiúltacha) san uisce / R*OH + HCO₃⁻ → R*HCO₃ + OH⁻ (2R*OH + 2HCO₃⁻ → 2R*HCO₃ + 2OH⁻) // nasctar ian (iain) hidrigine (H⁺) agus ian (iain) hidrocsaíde (hidrocsail) (OH⁻) chun uisce a fhoirmíú / 2H⁺ + 2OH⁻ → 2H₂O / H⁺ + OH⁻ → H₂O** (3 + 3 + 2)

CEIST 10

- (a) (i) IDIRDHEALÁIGH: **aigéad láidir: deontóir maith protón / deonaíonn sé protón go héasca / beagnach díthiomsaithe go hiomlán //**
aigéad lag: drochdheontóir protón / díthiomsaithe de bheagán (go dona, lag)
 (2×3)
[Ceadaítear ‘Díthiomsaithe i bpáirt (páirteach, ní go hiomlán)’ agus ‘ní dheonaíonn protón go héasca’ le haghaidh cur síos ar an aigéad lag.]

(ii) RÍOMH: **0.005 M** (6)

$$\text{pH} = -\log [\text{H}^+] \Rightarrow [\text{H}^+] = \log \text{inbhéartach} (-2) = \mathbf{0.01} \quad (3)$$

$$0.01 \div 2 \text{ (débhunata)} = \mathbf{0.005 M} \quad (3)$$

RÍOMH: **5/9 (0.556) M [0.55 – 0.56 M]** (6)

$$\text{pH} = -\log [\text{H}^+] \Rightarrow [\text{H}^+] = \log \text{inbhéartach} (-2) = \mathbf{0.01}$$

$$\Rightarrow K_a (1.8 \times 10^{-4}) = \frac{[\text{H}^+][\text{A}^-]}{[\text{HA}]} \left(\frac{[\text{H}^+]^2}{[\text{HA}]}, \frac{(0.01)^2}{[\text{HA}]} \right) / [\text{HA}] = \frac{(0.01)^2}{1.8 \times 10^{-4}} / [\text{HA}] = \frac{(0.01)^2}{K_a} / [\text{HA}] = \frac{(0.01)^2}{1.8 \times 10^{-4}} / [\text{HA}] \quad (3)$$

$$[\text{H}^+] = \sqrt{K_a [\text{HA}]} / 0.01 = \sqrt{1.8 \times 10^{-4} [\text{HA}]} / [\text{H}^+]^2 = K_a [\text{HA}] / (0.01)^2 = 1.8 \times 10^{-4} [\text{HA}] \quad (3)$$

$$[\text{HA}] = \mathbf{5/9 (0.55555) M} \quad [0.5556 – 0.56 M] \quad (3)$$

$$[\text{aigéad}] = [\text{HA}] = [\text{HX}] = M = M_a$$


- (iii) SAINMHÍNIGH: $K_w = [\text{H}^+][\text{OH}^-]$ / $K_w = [\text{H}_3\text{O}^+][\text{OH}^-]$ / táirge de tiúchan mólarach iain hidrigine (hiindróniam) (H^+ , H_3O^+) agus iain hidrocsaíde (hiadrocsail) (OH^-) in uisce (3)

CAD: **$3.0 \times 10^{-7} \text{ M}$** (4)


$$K_w (9.0 \times 10^{-14}) = [\text{H}^+]^2 / [\text{H}^+] = \sqrt{K_w} (\sqrt{9.0 \times 10^{-14}}) / [\text{H}^+] = [\text{OH}^-]$$

$$\Rightarrow [\text{H}^+] = \mathbf{3.0 \times 10^{-7} \text{ M}} \quad (4)$$

- (b) SAINMHÍNIGH: (i) gnóthachan (méadú ar) leictreon (3)
(ii) laghdú (titim) ar an uimhir ocsáidiúcháin (3)



- SAINAITHIN: (iii) Dí-ocsáideoir: $\text{S}_2\text{O}_3^{2-}$ / S^{2+} / $\text{S}(+2)$ / $\text{S}(\text{II})$ /
sulfar (S) in +2 staid ocsáidithe / sulfar (S) i $\text{S}_2\text{O}_3^{2-}$ (3)
(iv) Imoibrí ocsáidithe: ClO^- / Cl^+ / $\text{Cl}(+1)$ / $\text{Cl}(1)$ / $\text{Cl}(\text{I})$ /
clóirín (Cl) in +1 staid ocsáidithe / clóirín (Cl) i ClO^- (3)



Nuair nach bhfuil 10 mharc bronnta don chothromóid cothromaithe
 $4\text{ClO}^- + \text{S}_2\text{O}_3^{2-} + \text{OH}^- \rightarrow 4\text{Cl}^- + 2\text{SO}_4^{2-} + \text{H}^+$
tabhair 3 mharc má tá sulfar cothromaithe agus 3 mharc má tá clóirín cothromaithe.
[Luchtanna riachtanach.]

nó



Nuair nach bhfuil 10 mharc bronnta don chothromóid cothromaithe
 $\text{ClO}_3^- + 6\text{Br}^- + 6\text{H}^+ \rightarrow \text{Cl}^- + 3\text{Br}_2 + 3\text{H}_2\text{O}$
tabhair 3 mharc má tá bróimin cothromaithe agus 3 mharc má tá clóirín cothromaithe
[Luchtanna riachtanach.]

Ní cheart na marcanna a bhronnadh ach do chothromóid amháin.

(c) (i) CAD: adaimh leis an uimhir adamhach chéanna (Z) / adaimh leis an líon céanna próton / adaimh den dúil chéanna / adaimh de dhúil // ag a bhfuil uimhreacha éagsúla maise (A) acu / ag a bhfuil líon éagsúil neodrón acu (2 × 3)

CAD: iseatóp (adamh) le **núicléas neamhchobhsaí / meathann (dianscaoileann, astaíonn radaíocht, astaíonn gathanna** alfa, béite agus gáma) **núicléas (iseatóp)** as fén / iseatóp radaighníomhach (3)

SAINMHÍNIGH: **am a ghlac sé // ar leath an tsampla meathlú (dianscaoileadh) / don ghníomhaíocht laghdú faoi (go) leath** (2 × 2)

(ii) CRÍOCHNAIGH: $^{222}_{86}\text{Rn} // ^4_2\text{He}$ (2 × 3)

(iii) CÉ MHÉAD: 7.5×10^{18} adamh de raidiam–223 (6)

$$\frac{1 \times 10^{-4} \times 12.5}{100} = 1.25 \times 10^{-5} \text{ mól raidiam–223 fágtha} \quad (3)$$

$$1.25 \times 10^{-5} \times 6.0 \times 10^{23} = 7.5 \times 10^{18} \text{ adamh de raidiam–223} \quad (3)$$

nó

$$1.0 \times 10^{-4} \times 6.0 \times 10^{23} = 6.0 \times 10^{19} \text{ adamh de raidiam–223 i dtosach} \quad (3)$$

$$\frac{6 \times 10^{19} \times 12.5}{100} = 7.5 \times 10^{18} \text{ adamh de raidiam–223 fágtha} \quad (3)$$

nó

$$\frac{1 \times 10^{-4} \times 87.5}{100} = 8.75 \times 10^{-5} \text{ mól de raidiam–223 meathlaithe}$$

$$1.0 \times 10^{-4} - 8.75 \times 10^{-5} = 1.25 \times 10^{-5} \text{ mól de raidiam–223 fágtha} \quad (3)$$

$$1.25 \times 10^{-5} \times 6.0 \times 10^{23} = 7.5 \times 10^{18} \text{ adamh de raidiam–223} \quad (3)$$

nó

$$1.0 \times 10^{-4} \times 6.0 \times 10^{23} = 6.0 \times 10^{19} \text{ adamh de raidiam–223 i dtosach} \quad (3)$$

$$\frac{6 \times 10^{19} \times 87.5}{100} = 5.25 \times 10^{19} \text{ adamh de raidiam–223 meathlaithe}$$

$$6.0 \times 10^{19} - 5.25 \times 10^{19} = 7.5 \times 10^{18} \text{ adamh de raidiam–223 fágtha} \quad (3)$$

CEIST 11(a) (i) CÉ ACU: **sulfar (S)**

(1)

CAD: **16 g S**

(12)

$$\frac{20.2}{101^*} = \mathbf{0.2} \text{ mól KNO}_3 \quad (3)$$

$$\frac{24.0}{32} = \mathbf{0.75} \text{ mól S} \quad (3)$$

agus

$$\frac{0.2 \times 5}{4} = \mathbf{0.25} \text{ mól S ag teastáil chun imoibriú le } 0.2 \text{ mól KNO}_3 \quad (2)$$

$$0.75 - 0.25 = \mathbf{0.5}(0) \text{ mól S nár úsáideadh (i bhfarasbarr)} \quad (2)$$

$$0.5 \times 32 = \mathbf{16} \text{ g S neamhúsáidte} \quad (2)$$

nó

$$\frac{0.75 \times 4}{5} = 0.6(0) \text{ mól KNO}_3 \text{ ag teastáil chun imoibriú le } 0.75 \text{ mól S}$$

 $\Rightarrow 0.2 \text{ mól KNO}_3$ teorantach

$$\frac{0.2 \times 5}{4} = \mathbf{0.25} \text{ mól S ag teastáil chun imoibriú le } 0.2 \text{ mól KNO}_3 \quad (2)$$

$$0.75 - 0.25 = \mathbf{0.5}(0) \text{ mól S nár úsáideadh (i bhfarasbarr)} \quad (2)$$

$$0.5 \times 32 = \mathbf{16} \text{ g S neamhúsáidte} \quad (2)$$

nó

$$\frac{0.2}{4} < \frac{0.75}{5} / 0.05 < 0.15 \Rightarrow 0.2 \text{ mól KNO}_3 \text{ teorantach}$$

$$\frac{0.2 \times 5}{4} = \mathbf{0.25} \text{ mól S ag teastáil chun imoibriú le } 0.2 \text{ mól KNO}_3 \quad (2)$$

$$0.75 - 0.25 = \mathbf{0.5}(0) \text{ mól S nár úsáideadh (i bhfarasbarr)} \quad (2)$$

$$0.5 \times 32 = \mathbf{16} \text{ g S neamhúsáidte} \quad (2)$$

(ii) RÍOMH: **7.84** lítear

(6)

$$\frac{0.2 \times 7}{4} / \frac{0.2 \times 2}{4} + \frac{0.2 \times 5}{4} = \mathbf{0.35} \text{ mól gáis} \quad (3) \quad \text{nó}$$

$$0.35 \times 22.4 = \mathbf{7.84} \text{ lítear} \quad (3)$$

[Bronn marc deiridh de **2.24** lítear **agus 5.60** lítear (5)]

[Nil úsáid 24 lítear mar thoirt mhólarach inghlactha anseo.]

CAD: **9.4 g K₂O**

(6)

$$\frac{0.2 \times 2}{4} = \mathbf{0.1} \text{ mól K}_2\text{O} \quad (3)$$



$$94^* \times 0.1 = \mathbf{9.4} \text{ g K}_2\text{O} \quad (3)$$

[* Ní mór suimiú a léiriú go nglacfaí leis gur sciorradh is cúis le hearráid.]

- (b) AIMSIGH: **comhfhiúsach íon / comhfhiúsach neamhpholach**
[Glac le comhfhiúsach **beagán polach.**]

(4)


TARRAING:



(6)

- RÉAMHINIS: **pirimidiúil (tríogánach pirimidiúil)**
[Níl aon marc do ‘tríogánach’ ina aonar.]

(3)



[Ní leor an léaráid mura bhfuil léiriú 3d ag gabháil leis ag úsáid dinge nó daise amháin ar a laghad, mar atá taispeántar.]

CÉ ACU: **asán / amóinia / NH₃**

(3)

COSAIN: **nítrigin (N) beag agus an-leictridhiúltach / tarlaíonn nascadh hidrigine nuair a nasctar hidrigin le nítrigin, ocsaigin, fluairín (N, O, F)**

(3)

[Níl marcanna do CHOSAIN ar fáil ach amháin má bhronntar marcanna ar CÉ ACU.]

- MOL:
- (i) **nascadh hidrigine** in asán (amóinia, NH₃) **níos láidre** ná na fórsaí idirmhólíneacha eile (déphoil-déphoil), van der Waals i bhfosfán nó arsán / **nascadh hidrigine** an cineál fórsa idirmhólíneach **is láidre //** (3)
 - (ii) **móilíní foisfín (PH₃) níos lú (ceann is éadroime, lú den dá cheann) / mais mhólíneach móilín d'fhoisfín (PH₃) níos lú (an ceann is lú den dá cheann) / uimhir níos lú (an chuid is lú den dá cheann) de leictreoin i bhfoisfín (PH₃) / fórsaí idirmhólíneacha (van der Waal) níoslú (an chuid is lú den dá cheann) i bhfoisfín (PH₃) (3)**
[Glactar le frásáí den chineál céanna maidir le hairsín (AsH₃)]

(c) A (i) CAD:	súnn {cosaint don domhan (muide) ó} radaíocht ultraivialait (uv)	(4)
(ii) CONAS:	radaíocht ardfhuinnimh (minicíochtard) (tonnfhad gearr) / radaíocht ultravialait (uv) / UVC // a bhriseann móilíní ocsaigine (O_2) in adaimh (fréamhacha) ar leithligh / $O_2 \rightarrow 2O$ / $O_2 \rightarrow 2O^\bullet$ // imoibríonn na hadaimh ocsaigine (O , O^\bullet , fréamhacha) sin le móilíní ocsaigine (O_2) chun ózón a chruthú (O_3) / $O + O_2 \rightarrow O_3$ / $O^\bullet + O_2 \rightarrow O_3$ (3 × 3)	
(iii) DÉAN CUR SÍOS:	$Cl + O_3 \rightarrow ClO + O_2$ / $Cl^\bullet + O_3 \rightarrow ClO^\bullet + O_2$ // $ClO + O \rightarrow Cl + O_2$ / $ClO^\bullet + O^\bullet \rightarrow Cl^\bullet + O_2$ // imoibriú slabhrúil / athdhéantar an próiseas (leantar de) / ionsaíonn Cl (Cl^\bullet) O_3 eile (móilín ózóin) / athdhéan líne 1 (3 × 3)	
(iv) CÉN FÁTH:	briste síos sula sroicheann siad an strataisféar / bristear síos níos éasca iad ná CFCanna / briste síos sa trópaisféar / ní mhaireann siad chomh fada san atmaisféar / níos imoibríche ná CFCanna / níl siad chomh cobhsaí le CFCanna / briseann naisc CH roimh CF nó naisc CCl in imoibrithe saorfhréimhe (3)	
B (i) TABHAIR:	sóidiam (Na) a úsáidtear i soilsiú sráide (léasair, tinte ealaíne, triomaitheoirí, gníomhaí triomúcháin, fuarthán in imoibreoirí núicléacha // clóirín a úsáidtear chun difhabhtú a dhéanamh (miocrorgánaigh a mharú) / clóirín a úsáidtear i gcóireáil uisce (íonú) / clóirín a úsáidtear mar imoibrí (gníomhaí) ocsaídithe / clóirín a úsáidtear chun plaistigh a dhéanamh (PVC, clóiríd pholaivinile, polaiclóireitíein) (2 × 3)	
(ii) CÉN FÁTH:	seolann clóiríd sóidiam leáite leictreachas / níl clóiríd sóidiam soladach in ann (ní dhéanann sé) leictreachas a sheoladh (3)	
CONAS:	íslíonn sé leáphointe (teocht leá) na leictrilíte / íslíonn sé an teocht leictrealaithe / floscghníomhaí (3)	
(iii) CAD:	chun cosc a chur ar athchuingriú na dtáirgí / chun táirgí a choinneáil deighilte / chun sóidiam (Na) agus clóirín (Cl_2) a choimeád deighilte (3)	
(iv) SCRÍOBH:	$Na^+ + Cl^- \rightarrow Na + \frac{1}{2}Cl_2$ / $2Na^+ + 2Cl^- \rightarrow 2Na + Cl_2$ / $NaCl \rightarrow Na + \frac{1}{2}Cl_2$ / $2NaCl \rightarrow 2Na + Cl_2$	
	FOIRMLÍ: (3) COTHROMÚ: (3)	
(v) CÉN FÁTH:	tá alúmanam leictridheimhneach freisin / alúmanam ard sa tsraith leictriceimiceach / níl dí-oscaídeoírí ceimiceacha sách láidir chun mian alúmanaim a dhíocsaídiú / níl sé éasca mian alúmanaim a dhíocsaídiú. (4)	

Leathanach Bán

